Gach maighdean go Máthair Meic

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 11]

Don Mhaighdin Mhuire

1 Gach maighdean go máthair meic
ní cóir uirre acht ainm oirdhreic
ar [óigh] féin [gidh] cneasda cean
dá réir ní measda maighdean.

2 Ní da réir na n-ógh eile
atáid tréidhe ar maighdeine
beith don uile do fhaomh sin
saobh is Muire na maighdin.

3 Locht oile ní haithnidh damh
ar máthair óigh an athar
[muime] ar maighdin munab locht
nar laighdigh uirre a hóghacht.

4 Is tearc ógh oile mar sin
mar taoi id mháthair ’s id mhaighdin
a sdiúir ríogh-bhan naomh neamhdha
a chaor fíonmhar fínemhna.

5 Tú bain-cheann brogha nimhe
tú eochair na haithrighe
a chraobh [iúil] an uile bhean
a sdiúir a Mhuire mhaighdean.

6 Cia nach tiobhradh teasda as lia
ort a mháthair mhic Mharia
a chrainn láin as trom toirthe
a thonn i dtráigh thorchairthe.

7 A tuireamh ní thiocfa díom
a mháthair mhic an Aird-ríogh
leath a gcuala do chlú ort
a chnú bhuadha na mbeannacht.

8 A ógh lér ghabh [an té as triúr]
ná léig m’anam ar ainiúl
ót uan mhín-gheal a Mhuire
lér dírgheadh uan m’eolchuire.

9 Ní mhaithim don mhnaoi a Íosa
mar aighne lá an luain-shíosa

nar mbaoghal go labhra leam
do shaoradh m’anma ó Ifreann.

10 [Ní] diongna nach dearna mé
tús mo mholta riamh roimhe
dod míon-bhais ’s dod ghruadh gheal
dual gach díoghrais fa dheireadh.

11 D’inghin Anna an earla [shlim]
’s í dá mhinceacht do mholfainn
ró molta ní dhiongnainn dí
dioghluim gach molta Muire.

12 D’éis [gach] teasda dá dtug sinn
cuid oile d’inghin Iaicim
i ngar a teasda ní bhia bean
ria ní measda gach maighdean.

13 Ós aige atá coimhdhe ar gcean
molfaidh mé Míchéal aingeal
[saorfaidh] sinn ón ghuin-se an gha
acht [gur linn] cuisle an chíogha. GACH